C/2024/3361

23.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M. 11527 — ENGIE / MACQUARIE / MPBV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3361)

1. An 14 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Engie S.A. ('ENGIE', an Fhrainc),

— MIP VI International AIV, L.P. ('MIP VI', Ceanada), faoi rialú Macquarie Group Limited ('Macquarie Group', an Astráil),

— Mayakan Pipeline B.V. ('MPBV' nó 'JV', an Ísiltír).

Gheobhaidh ENGIE agus Macquarie rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa domhanda é ENGIE a bhfuil a cheanncheathrú aige sa Fhrainc agus atá gníomhach in earnálacha an fhuinnimh ísealcharbóin, an gháis agus na seirbhísí;

— Is ciste é MIP VI a bhfuil a cheanncheathrú aige i gCeanada agus a bhfuil baint aige leis an infheistíocht i sócmhainní fuinnimh agus bonneagair atá lonnaithe i Meiriceá Thuaidh agus i Meiriceá Theas, agus atá faoi rialú deiridh Macquarie Group. Is grúpa Astrálach in earnáil na seirbhísí airgeadais domhanda é Macquarie Group;

— Níl de ghníomhaíocht ag MPBV ach gur leis an chuideachta Mheicsiceach Maykan. Tá Maykan ina úinéir ar phíblíne gáis nádúrtha atá lonnaithe i Meicsiceo agus is é Maykan sealbhóir an cheada i leith na píblíne sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11527 — ENGIE / MACQUARIE / MPBV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË